2024/3095

9.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3095 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a mhéid a bhaineann le hoibreoirí áirithe agus grúpaí oibreoirí áirithe i dtríú tíortha a dheimhniú agus leis na rialuithe a dhéanann údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe ar a dtáirgí orgánacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(7), pointe (b)(ii) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar Rialachán (AE) 2018/848 le rialacha maidir leis na seiceálacha i dtaobh oibreoirí nó grúpaí oibreoirí a dheimhniú agus maidir le rialuithe a dhéanann údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe ar na hoibreoirí agus ar na grúpaí oibreoirí sin agus ar a dtáirgí, arb údaráis agus comhlachtaí iad a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848, (‘córas comhlíontachta’).

(2) De bhun Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2018/848, rachaidh an t-aitheantas a tugadh d’údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe a cheadaítear faoi Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([3]) (‘córas coibhéise) in éag faoin 31 Nollaig 2024.

(3) Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ní mór údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint faoin gcóras comhlíontachta chun oibreoirí agus grúpaí oibreoirí i dtríú tíortha a dheimhniú agus a rialú. Tá an t-aitheantas sin bunaithe ar an measúnú a dhéanfar ar a n-iarrataí ar aitheantas, arb iarrataí iad a chuirfear isteach i gcomhréir le hAirteagal 46(4) de Rialachán (AE) 2018/848, arb é a bheidh iontu sainchomhad teicniúil nach mór an fhaisnéis uile is gá a bheith ann chun a áirithiú go gcomhlíonfar na critéir maidir le haitheantas a leagtar amach in Airteagal 46(2) den Rialachán sin.

(4) Ní raibh ach líon teoranta iarrataí ar aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin luath go leor roimh ré chun go mbeadh údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe in ann eisiúint deimhnithe le haghaidh oibreoirí agus grúpaí oibreoirí i dtríú tíortha a ullmhú go leormhaith i gcomhréir leis an gcóras comhlíontachta.

(5) De bhun Airteagal 9, míreanna (4) agus (10), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698, ní mór eisiúint deimhnithe oibreoirí agus grúpaí oibreoirí a bhunú ar thorthaí an fhíoraithe go bhfuil Rialachán (AE) 2018/848 á chomhlíonadh, lena n-áirítear cigireacht fhisiciúil ar an láthair. Mar gheall ar na moilleanna maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint i gcomhréir leis an gcóras comhlíontachta, arb é ba chúis leo an mhoill a bhí ar thíolacadh na n-iarrataí ar aitheantas, d’fhéadfadh sé nach mbeadh na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin in ann na cigireachtaí ar an láthair uile is gá a dhéanamh lenar féidir deimhnithe a eisiúint go tráthúil d’oibreoirí agus do ghrúpaí oibreoirí i dtríú tíortha i gcomhréir leis an gcóras comhlíontachta.

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin, (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1698/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/834/oj).

(6) Chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil táirgí orgánacha a sheachaint go dtí go n-eiseofar deimhnithe d'oibreoirí agus do ghrúpaí oibreoirí i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún ([4]), is gá foráil a dhéanamh, ar feadh tréimhse theoranta ama, go bhféadfaidh údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe, a aithnítear cheana faoin gcóras comhlíontachta, deimhnithe cigireachta a eisiúint maidir le coinsíneachtaí táirgí de chuid na n-oibreoirí agus na ngrúpaí oibreoirí sin i dtríú tíortha a bhfuil fianaise dhoiciméadach bhailí ina seilbh acu, ar fianaise í a eisíonn údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear faoin gcóras coibhéise, bunaithe ar fhíorú go gcomhlíonann na coinsíneachtaí sin na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.

(7) Is gá foráil a dhéanamh freisin, chun na críche sin, maidir le fianaise dhoiciméadach a dhéanfaidh údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe, a aithnítear faoin gcóras coibhéise, a eisiúint d'oibreoirí agus grúpaí oibreoirí, a bhfuil a ndeimhniú faoin gcóras comhlíontachta ar feitheamh an 31 Nollaig 2024, go mbeidh an fhianaise sin fós bailí tar éis an 31 Nollaig 2024 go dtí a dáta éaga, agus in aon chás, ar feadh tréimhse theoranta ama.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698:

'*Airteagal 30a*

Maolú maidir le deimhniú atá ar feitheamh i gcás oibreoirí agus grúpaí oibreoirí i dtríú tíortha

1. De mhaolú ar Airteagal 16 den Rialachán seo, i gcás ina mbeidh an deimhniú a dhéanfaidh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe ábhartha oibreoirí agus grúpaí oibreoirí i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 9(10) agus Airteagal 10 den Rialachán seo agus le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 (*)ón gCoimisiún, i gcás ina mbeidh an deimhniú sin ar feitheamh an 31 Nollaig 2024, fíoróidh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe sin coinsíneachtaí atá beartaithe lena n-allmhairiú isteach san Aontas a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 (**)ón gComhairle go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2025.

2. Tar éis fíorú a dhéanamh de bhun mhír 1, déanfaidh an t-údarás rialaithe nó an comhlacht rialaithe ábhartha deimhniú cigireachta a eisiúint de bhun Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún (***).

3. Údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, an fhianaise dhoiciméadach a eiseoidh siad roimh an 31 Nollaig 2024 do na hoibreoirí agus na grúpaí oibreoirí a bhfuil a ndeimhniú dá dtagraítear i mír 1 ar feitheamh an 31 Nollaig 2024, beidh an fhianaise sin fós bailí go dtí deireadh a dtréimhse bailíochta ach ní leanfaidh sí de bheith bailí tar éis an 15 Deireadh Fómhair 2025.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena leagtar síos rialacha áirithe a bhaineann leis an deimhniú a eisíodh d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú isteach san Aontas agus lena mbunaítear an liosta d'údaráis rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 297, 20.8.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1378/oj).

4. Maidir le rialuithe ar na hoibreoirí agus ar na grúpaí oibreoirí dá dtagraítear i mír 1, i ndáil le tagairtí do chomhlíonadh Rialachán (AE) 2018/848, a dhéantar in Airteagal 9(1) agus (2), Airteagal 11(1), pointe (c), Airteagal 14(1), Airteagal 22(1), Airteagal 23(3) agus Cuid B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, tuigfear gur tagairtí iad do na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, agus i ndáil le tagairtí don deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (b)(i), de Rialachán (AE) 2018/848, ar tagairtí iad a dhéantar in Airteagal 16(3), Airteagal 19(3) agus Airteagal 23(4) den Rialachán seo, tuigfear gur tagairtí iad don fhianaise dhoiciméadach a eiseoidh údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe roimh an 31 Nollaig 2024 do na hoibreoirí agus do na grúpaí oibreoirí dá dtagraítear i mír 1, arb údaráis agus comhlachtaí iad a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle.'

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena leagtar síos rialacha áirithe a bhaineann leis an deimhniú a eisíodh d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú isteach san Aontas agus lena mbunaítear an liosta d'údaráis rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 297, 20.8.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1378/oj).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/834/oj).

(***) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2306/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN